FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH

AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Uirlisí lena n-éascaítear taisteal laistigh den Aontas le linn phaindéim COVID-19

Tionscnaimh ábhartha a bhfuil tionchar acu atá idir rath agus úsáid theoranta

Ábhar

I. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL 2

II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE 3

1. Forbairt na tairsí rianaithe teagmhálaithe 3

2. Úsáid na n-uirlisí foirmeacha aimsithe paisinéirí an Aontais agus na tairsí rianaithe teagmhálaithe 4

3. Sásra cúlghairme a fhorbairt maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais 4

4. Rialuithe slándála agus deimhnithe calaoiseacha 5

5. Deimhniú Digiteach COVID an Aontais mar chaighdeán idirnáisiúnta agus mar éascaitheoir taistil 6

III. FREAGRAÍ ÓN COIMISIÚN AR MHOLTAÍ CIE 6

1. Moladh 1 — Aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna ag bhaineann le glacadh íseal d'fhoirmeacha digiteacha aimsithe paisinéirí an Aontais 6

2. Moladh 2 — Cumarsáid a chuíchóiriú maidir le teagmhais atá nasctha le Deimhniú Digiteach an Aontais 7

3. Moladh 3 — Uirlisí ábhartha an Aontais a ullmhú don ghéarchéim a bheidh ann amach anseo 7

Sa doiciméad seo cuirtear i láthair na freagraí ón gCoimisiún Eorpach ar bharúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 259 den Rialachán Airgeadais, agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

I. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL

Chun an tsaorghluaiseacht a éascú san Aontas agus an tsláinte phoiblí a chosaint le linn phaindéim COVID-19, d'fhorbair an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, réimse uirlisí digiteacha. I measc na n-uirlisí sin bhí Deimhniú Digiteach COVID an Aontais[1], tairseach lenar nascadh feidhmchláir rianaithe teagmhálaithe náisiúnta ar fud an Aontais, agus iarrachtaí chun cur chuige comhchuibhithe a chur chun cinn i leith foirmeacha aimsithe paisinéirí (PLFanna).

Is creat coiteann é Deimhniú Digiteach COVID an Aontais chun deimhnithe idir-inoibritheacha a eisiúint, a fhíorú agus a ghlacadh le haghaidh vacsaíniú in aghaidh COVID-19 agus tástáil nó téarnamh ó COVID-19. Glactar le Deimhnithe Digiteacha COVID an Aontais i ngach Ballstát, rud a dhéanann níos éasca do shaoránaigh an Aontais taisteal le linn na paindéime. Arna fhorbairt i ndlúthchomhar le saineolaithe ó na Ballstáit a bhfuil ionadaíocht acu ar an Líonra r-Shláinte agus ar an gCoiste Slándála Sláinte[2], thug an Coimisiún aird ar leith chun a áirithiú go léirítear i nDeimhniú Digiteach COVID an Aontais luachanna agus prionsabail bhunúsacha an Aontais, amhail neamh-idirdhealú, cosaint sonraí pearsanta, príobháideachas, slándáil agus oscailteacht.

Is gné ríthábhachtach é Deimhniú Digiteach COVID an Aontais de fhreagairt na hEorpa ar phaindéim COVID-19. Faoi mhí Mheán Fómhair 2022, eisíodh breis agus 2 bhilliún deimhniú sna tíortha AE/LEE amháin. Mar aon leis sin chuir a rath dlús le digitiú an chúraim sláinte ó Bhallstát go chéile. Tá machnamh á dhéanamh ag an gCoimisiún agus na Ballstáit maidir le conas a d'fhéadfaí an bonneagar teicniúil atá mar bhonn taca le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais a úsáid le haghaidh cásanna úsáide eile amach anseo. Chuir tíortha lasmuigh den Aontas spéis mhór i nDeimhniú Digiteach COVID an Aontais freisin. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 i leith, tá 49 dtríú tír agus críoch ar fud chúig mhór-roinn tar éis dul isteach sa chóras[3], i ndiaidh gur measadh a gcórais de bheith coibhéiseach le creat Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais[4].

Bhain creat Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais inspioráid ón obair a rinneadh chun an tairseach rianaithe teagmhálaithe a fhorbairt. Bhí tús curtha cheana féin i mí Aibreáin 2020 leis an obair ar réitigh nua le haghaidh rianú teagmhálaithe digiteach, agus is é an toradh a bhí air sin ná bosca coiteann uirlisí de chuid an Aontais do na Ballstáit ar fheidhmchláir mhóibíleacha chun tacú le rianú teagmhálaithe sa chomhrac in aghaidh COVID-19[5]. I mí Mheán Fómhair 2020, bhain an Coimisiún feidhm as tairseach rianaithe teagmhálaithe, agus thosaigh na chéad tíortha ag nascadh a

---

1 Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19. Ar fáil anseo: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32021R0953&from=EN

2 https://health.ec.europa.eu/health-security-and-infectious-diseases/preparedness-and-response/health-security-committee-hsc_en

3 Tá liosta iomlán ar fáil ag: https://ec.europa.eu/info/live-work-travel-eu/coronavirus-response/safe-covid-19-vaccines-europeans/eu-digital-covid-certificate_en#recognition-by-the-eu-of-covid-certificates-issued-by-third-non-eu-countries

4 De réir mar a fhoráiltear in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/953. Tá an Eilvéis nasctha leis an gcóras de bhua cinneadh arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 3(10) de Rialachán (AE) 2021/953. Tá nasc díreach idir an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua de thoradh ionchorprú Rialachán (AE) 2021/953 i gComhaontú LEE.

5 https://health.ec.europa.eu/system/files/2020-04/covid-19_apps_en_0.pdf

bhfeidhmchlár rianaithe teagmhálaithe náisiúnta leis an tairseach sin i mí Dheireadh Fómhair 2020, rud a chuir ar chumas d'úsáideoirí taisteal ar an gcoigríoch trí úsáid a bhaint as a bhfeidhmchlár rianaithe teagmhálaithe náisiúnta, agus ar an gcaoi sin tacaíocht a thabhairt do rianú teagmhálaithe trasteorann.

Bhain an tairseach rianaithe teagmhálaithe a bhuaicphointe amach le linn mhí an Mhárta 2022, nuair a uaslódáladh thart ar 700 000 eochair in aon lá amháin.

Chomh maith le imscaradh rathúil Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais, bhí rianú teagmhálaithe trí bhíthin PLFanna ina ghné lárnach sa chomhrac in aghaidh SARS-CoV-2. Chuir an Coimisiún cur chuige comhchuibhithe maidir le PLFanna chun cinn ar dhá bhealach. Thacaigh sé le hobair Thairseacha Sláintiúla an Aontais Eorpaigh chun teimpléad agus feidhmchlár coiteann PLF a fhorbairt — dPLF AE[6] — chun úsáid PLF digiteach den chineál céanna a éascú ar fud an Aontais[7]. Ag an am céanna, d'fhorbair sé ardán malartaithe PLF chun malartú sonraí paisinéirí a dhéanamh go tapa agus go huathoibríoch idir na Ballstáit rannpháirteacha. Ón 1 Meitheamh 2021, dá bhrí sin, bhí na Ballstáit in ann nascadh leis an ardán sin agus sonraí faoi phaisinéirí a mhalartú ó gach modh iompair ar bhailigh siad PLFanna ina leith.

II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE

1. Forbairt na tairsí rianaithe teagmhálaithe

Maidir leis an tairseach rianaithe teagmhálaithe, rinne an Coimisiún comhairliúcháin mhionsonraithe leis na Ballstáit[8]. Mar thoradh air sin, ghlac an Líonra r-Shláinte bosca coiteann uirlisí de chuid an Aontais do na Ballstáit maidir le feidhmchláir mhóibíleacha chun tacú le rianú teagmhálaithe i gcomhrac an Aontais in aghaidh COVID-19[9], treoirlínte idir-inoibritheachta[10], sonraíochtaí maidir le feidhmchláir rianaithe teagmhálaithe[11] agus an tairseach rianaithe teagmhálaithe[12].

Mar sin féin, bhí éagsúlacht sna straitéisí náisiúnta sa chomhrac in aghaidh phaindéim COVID-19 ar fud na mBallstát agus níor chinn gach ceann acu feidhmchláir rianaithe teagmhálaithe a chur chun feidhme. Thacaigh formhór na mBallstát le rolladh amach feidhmchláir rianaithe teagmhálaithe a bhí idir-inoibritheach thar theorainneacha, agus 19 dtír as 22 thír nasctha sa deireadh leis an tairseach rianaithe teagmhálaithe. Iad siúd a roghnaigh teicneolaíochtaí nach raibh comhoiriúnach leis an tairseach rianaithe teagmhálaithe, bhí siad ag brath ar bhosca coiteann uirlisí an Aontais agus bhí dlúthbhaint acu le comhar an Aontais sa réimse sin.

---

6 Foirm Aimsithe Paisinéirí Dhigiteach an Aontais Eorpaigh.

7 Ar fáil anseo: https://app.euplf.eu/

8 Míreanna 28-29, Fíor 3, Tuarascáil Speisialta CIE Uimh. XX/2022.

9 https://health.ec.europa.eu/system/files/2020-04/covid-19_apps_en_0.pdf

10 https://health.ec.europa.eu/system/files/2020-05/contacttracing_mobileapps_guidelines_en_2.pdf

11 https://health.ec.europa.eu/publications/ehealth-network-guidelines-eu-member-states-and-european-commission-interoperability-specifications_en

12 https://health.ec.europa.eu/publications/technical-specifications-interoperability-contact-tracing-apps-ehealth-network-guidelines-eu-member_en

2. Úsáid na n-uirlisí foirmeacha aimsithe paisinéirí an Aontais agus na tairsí rianaithe teagmhálaithe

Bhí rath na bhfeidhmchlár rianaithe teagmhálaithe agus, mar iarmhairt air sin, rath na tairsí rianaithe teagmhálaithe, ag brath go mór ar a nglacadh ag an bpobal i gcoitinne. Cé nach raibh líon na n-íoslódálacha aonfhoirmeach ar fud na mBallstát, rinneadh feidhmchláir rianaithe teagmhálaithe a íoslódáil go deonach os cionn 74 mhilliún uair (ó mhí Dheireadh Fómhair 2021), rud a sháraigh, in 14 thír ar a laghad, an líon céanna agus 15 % dá ndaonra. Mar gheall ar na caighdeáin arda maidir le cosaint sonraí agus slándáil na bhfeidhmchlár rianaithe teagmhálaithe, is beag faireachán a dhéantar ar úsáid iarbhír na n-úsáideoirí. Mar sin féin, tugtar le fios ó réamhchinntí ó staidéar neamhspleách ar na ceachtanna a foghlaimíodh, ar dhea-chleachtais agus ar thionchar eipidéimeolaíoch an chur chuige choitinn Eorpaigh maidir le rianú teagmhálaithe digiteach, go raibh líon iomlán na n-íoslódálacha i dtíortha AE/LEE faoi mhí Iúil 2022 beagnach 170 milliún. Bhí glacadh na bhfeidhmchlár ag brath go mór ar na feachtais fógraíochta arna mbainistiú ag na Ballstáit chomh maith le bearta eile neamhchógaisíochta (e.g. coinneáil siar ó dhaoine, maisc a chaitheamh, sláinteachas láimhe, etc.) a iarradh ar shaoránaigh a ghlacadh le moill a chur ar leathadh COVID-19).

A luaithe a bheidh deireadh leis an bpaindéim, i gcás inar gá an tairseach rianaithe teagmhálaithe a athúsáid, d'fhéadfaí úsáid a bhaint an athuair as an ionstraim dlí chéanna a úsáideadh an chéad uair[13]. I gcomhthéacs phacáiste Aontas Sláinte na hEorpa[14], chuir an Coimisiún síneadh le sainordú an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) chun uirlisí[15] uathoibrithe rianaithe teagmhálaithe a chur san áireamh, uirlisí a thabharfaidh an deis do ECDC uirlisí nua a fhorbairt agus a chur in úsáid, de réir mar is gá, maidir le rianú teagmhálaithe digiteach trasteorann.

Tá sé tábhachtach a chur i dtábhacht go láidir nach raibh aon oibleagáid dhlíthiúil ar na Ballstáit PLFanna a bhailiú. Is ar bhonn deonach i gcónaí a úsáidtear uirlisí den sórt sin. Ina theannta sin, na Ballstáit uile a chuir in iúl go raibh spéis acu a bheith rannpháirteach in ardán malartaithe PLF, bhí siad in ann é sin a dhéanamh.

3. Sásra cúlghairme a fhorbairt maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais

Chun cuidiú leis an tsláinte phoiblí a chosaint, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le Deimhnithe Digiteacha COVID an Aontais a chúlghairm[16] i gcás gur eisíodh go hearráideach iad, nó mar thoradh ar chalaois nó tar éis baisc vacsaíní lochtacha in aghaidh COVID-19 a bheith curtha ar fionraí. Déantar foráil cheana féin leis an Rialachán maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais go bhféadfaidh a chreat iontaoibhe tacú le malartú déthaobhach liostaí cúlghairme deimhnithe, ar liostaí iad ina bhfuil aitheantóirí uathúla deimhnithe na ndeimhnithe cúlghairthe orthu[17]. Dá bhrí sin, bhí na Ballstáit in ann deimhnithe arna n-eisiúint go calaoiseach a dhéanamh neamhbhailí go tapa trí úsáid a bhaint

---

13 Gníomh Cur Chun Feidhme d'Airteagal 14 (Líonra r-Shláinte) den Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann (2011/24/AE).

14 https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/promoting-our-european-way-life/european-health-union_ga

15 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52020PC0726&from=EN

16 Féach míreanna 44 go 46, Tuarascáil Speisialta XX/22 ó CIE.

17 Airteagal 4(2) den Rialachán maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais.

as feidhmiúlacht Rialacha Gnó an chórais, is é sin, tacar rialacha atá leabaithe sna bogearraí fíorúcháin.

Sa Rialachán maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais, ainmníodh go soiléir an t-aitheantóir uathúil mar chuid den tacar sonraí deimhnithe atá le húsáid chun críocha cúlghairme. Chinn an Coimisiún agus na Ballstáit staidéar a dhéanamh ar an bhféidearthacht malartú uathoibríoch trasteorann maidir le liostaí cúlghairme deimhnithe a éascú tuilleadh trí Thairseach lárnach Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais. Soláthraíodh réiteach solúbtha leis sin, rud a thug an deis do na Ballstáit an cur chuige teicneolaíoch a oireann dá riachtanais a roghnú ar bhealach níos fearr.

Leagtar amach módúlachtaí an phróisis cúlghairme sin i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2022/483 ón gCoimisiún an 22 Márta 2022[18]. Dhá chuid atá i sonraíochtaí teicniúla an tsásra cúlghairme: baineann cuid amháin le Tairseach Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais, agus tá sé ceangailteach ó thaobh chur i bhfeidhm de. Baineann an chuid eile leis an gcaoi a ndáileann na Ballstáit na liostaí cúlghairme óna mbonneagar náisiúnta ar fheidhmchláir an fhíoraitheora, agus tá sé neamhcheangailteach. Maidir leis na roghanna deireanacha sin, is faoi na Ballstáit atá sé rogha a dhéanamh as measc raon roghanna, agus cuireann na roghanna uile sin ceisteanna príobháideachais san áireamh.

4. Rialuithe slándála agus deimhnithe calaoiseacha

Maidir le slándáil chóras Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais[19], tá an Coimisiún, mar oibreoir Thairseach Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais, freagrach as slándáil úrscothach a áirithiú chun an córas a chosaint ar rioscaí, ar leochaileachtaí agus ar ghníomhaithe mailíseacha. Cuirtear 'próiseas ionduchtaithe' i bhfeidhm maidir leis na tíortha rannpháirteacha uile. Déanann an Coimisiún dianfhíorú ar chomhlíonadh na dtíortha rannpháirteacha maidir leis na ceanglais slándála i ndáil le dul isteach i dTairseach Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais sula nascann sé an tír lena mbaineann. Déantar tástáil den sórt sin chun a fhíorú go bhfuil na bearta slándála uile is gá i bhfeidhm chun nascadh go sábháilte.

Is ar an mBallstát nó ar an tríú tír atá an fhreagracht as na rialuithe slándála ar leibhéal eisiúna Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais agus an nasc gaolmhar leis an mbonneagar cúil náisiúnta (an córas náisiúnta atá nasctha le tairseach lárnach dheimhniú digiteach COVID an Aontais). Ní mór do na tíortha rannpháirteacha an reachtaíocht ábhartha maidir le cibearshlándáil agus cosaint sonraí a chomhlíonadh — a bhfuil a bhforfheidhmiú faoi chúram údaráis náisiúnta shonracha — agus a gcórais agus a seirbhísí náisiúnta á mbunú agus á n-oibriú acu. Éilíonn an Coimisiún go córasach ar gach Ballstát agus ar gach tríú tír féinmheasúnú a chur isteach chun dearbhú breise a sholáthar go bhfuil rioscaí ar leith curtha san áireamh go sonrach ag an tír. Aon teip maidir le comhlíonadh i ndáil le ceann ar bith de na ceanglais sin, cuireann sé cosc ar dhul isteach i gcreat Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais.

Aon ghníomhaíocht chalaoiseacha a bhaineann le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais — amhail deimhnithe atá bailí go teicniúil a bheith á n-eisiúint ag daoine a bhfuil rochtain dhlisteanach acu ar an gcóras i gcás nár tharla an bunteagmhas leighis — is toradh iad sin ar iompar coiriúil atá inphionóis faoin dlí náisiúnta, agus ní cibear-ionsaithe iad. Is gá idirdhealú a dhéanamh idir rialuithe slándála ar leibhéal an bhonneagair cúil náisiúnta agus rún mailíseach na ndaoine sin a oibríonn córais eisiúna

[18] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/483 ón gCoimisiún an 21 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla agus rialacha maidir le cur chun feidhme an chreata iontaoibhe i ndáil le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ar fáil anseo: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32022D0483&from=EN

[19] Féach míreanna 51 go 56, Tuarascáil Speisialta XX/22 ó CIE.

an deimhnithe ar an leibhéal náisiúnta. Níor cuireadh córais cúil náisiúnta i mbaol agus níor éirigh le páirtithe neamhúdaraithe rochtain a fháil ar na cúil náisiúnta.

Ó thaobh na cibearshlándála de, tá Deimhniú Digiteach COVID an Aontais sábháilte. Is iad údaráis na dtíortha rannpháirteacha a bhainistíonn an riosca maidir le pearsanra údaraithe le rochtain dhleathach ar na córais eisiúna a bheith ag eisiúint deimhnithe calaoiseacha atá bailí go teicniúil, i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta agus lena nósanna imeachta i ndáil le rialú rochtana.

5. Deimhniú Digiteach COVID an Aontais mar chaighdeán idirnáisiúnta agus mar éascaitheoir taistil

Bhain na Ballstáit úsáid fhorleathan as Deimhniú Digiteach COVID an Aontais[20] agus bhí sé éifeachtach chun taisteal a éascú[21]. Glacadh leis an deimhniú Digiteach COVID an Aontais go tráthúil freisin[22]. Is gné ríthábhachtach é Deimhniú Digiteach COVID an Aontais de fhreagairt na hEorpa ar phaindéim COVID-19 agus glacadh leis go tapa mar chaighdeán san Eoraip agus níos faide i gcéin. Bhí tionchar dearfach aige ar an tsaorghluaiseacht tráth ina raibh na Ballstáit ag cur teorainn lena feidhmiú ar fhorais na sláinte poiblí.

Téann tionchar dearfach chóras Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais thar an Aontas, ós rud é gur forbraíodh ina chaighdeán domhanda é atá bunaithe go daingean ar luachanna an Aontais maidir le hoscailteacht, slándáil agus cosaint sonraí. Mar fhianaise air sin tá an spéis mhór atá ag tríú tíortha a bheith nasctha le córas Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais, an t-aon chóras deimhniúcháin COVID-19 atá ag feidhmiú agus ag oibriú ar an leibhéal idirnáisiúnta ar mhórscála. Chuidigh an rath sin le taisteal sábháilte idirnáisiúnta a atosú, agus leis an téarnamh domhanda.

Tá an Coimisiún lántiomanta i gcónaí filleadh ar an tsaorghluaiseacht neamhshrianta a luaithe is féidir. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2022, bhí deireadh curtha ag na Ballstáit uile leis na srianta taistil laistigh den Aontas, lena n-áirítear an gá atá le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais a bheith ina sheilbh ag duine. Cé gur léiríodh le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais go bhfuil sé de chumas ag institiúidí an Aontais agus ag na Ballstáit torthaí inláimhsithe a sholáthar a thairbhíonn do shaoránaigh an Aontais, nuair a chuirfear deireadh leis is léiriú a bheidh ann go mbeidh an phaindéim, agus na srianta atá nasctha léi, sáraithe.

III. FREAGRAÍ ÓN COIMISIÚN AR MHOLTAÍ CIE

1. Moladh 1 — Aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna ag bhaineann le glacadh íseal d'fhoirmeacha digiteacha aimsithe paisinéirí an Aontais

(Spriocdháta cur chun feidhme: Nollaig 2023)

Glacann an Coimisiún leis an moladh sin agus rachaidh sé i gcomhairle leis na Ballstáit tríd an gCoiste Slándála Sláinte agus rachaidh sé i gcomhar le ECDC maidir lena chur chun feidhme.

---

[20] Féach míreanna 69-70 agus Fíor 4, Tuarascáil Speisialta CIE XX/22.

[21] Féach míreanna 72 agus 74, Fíor 5, Tuarascáil Speisialta CIE XX/22.

[22] Féach míreanna 28 agus 35, Tuarascáil Speisialta CIE XX/22.

2. Moladh 2 — Cumarsáid a chuíchóiriú maidir le teagmhais atá nasctha le Deimhniú Digiteach an Aontais

(Spriocdháta cur chun feidhme: Meitheamh 2023)

Glacann an Coimisiún leis an moladh.

Bunaíodh Coiste Slándála i mí na Samhna 2021 faoi choimirce an Líonra r-Shláinte. Is é is cuspóir dó anailís a dhéanamh ar aon teagmhas i ndiaidh do shaincheist a bheith curtha faoi smacht go leordhóthanach chun ceachtanna a foghlaimíodh a phlé agus a scaipeadh, agus chun feabhsuithe ar shlándáil a mholadh. Ní hé an Coiste an chéad líne chosanta ach is sásra comhroinnte faisnéise é idir na húdaráis inniúla atá tiomnaithe do Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais agus dó sin amháin. Ar chúiseanna slándála, ní féidir leis an gCoiste idirghabháil a dhéanamh agus faisnéis a scaipeadh sula ndéanfar an teagmhas a láimhseáil go hiomchuí agus a chur faoi smacht go leordhóthanach ar an leibhéal náisiúnta.

Déanfaidh an Coimisiún anailís ar na céimeanna breise a d'fhéadfaí a ghlacadh chun rannpháirtíocht sa Choiste a neartú chomh maith le feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise idir na húdaráis inniúla.

Measann an Coimisiún gur cuid dhílis agus éifeachtach de struchtúr deartha foriomlán Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais é an Coiste Slándála sin, agus dá bhrí sin déanfaidh sé é sin a ionchorprú in aon phlean athghníomhachtaithe a bheidh mar chuid den ionstraim a leagtar amach sa fhreagra ar Mholadh 3 maidir le hathúsáid na n-uirlisí a chumhdaítear sa tuarascáil seo.

Sa chomhthéacs sin, mar chuid dá ghníomhaíochtaí faoi Mholadh 3, déanfaidh an Coimisiún anailís freisin ar an gcaoi a bhféadfadh sé go mbeadh gá an Coiste Slándála agus a shásraí cumarsáide a oiriúnú agus a shíneadh chun freastal go cuí ar bhealach comhchuibhithe ar aon riachtanas breise maidir le teagmhais slándála a bhaineann le géarchéimeanna paindéime amach anseo, seachas phaindéim COVID-19.

3. Moladh 3 — Uirlisí ábhartha an Aontais a ullmhú don ghéarchéim a bheidh ann amach anseo

a) Na huirlisí sin de chuid an Aontais a cruthaíodh le linn phaindéim COVID-19 a shainaithint, uirlisí a bhí úsáideach do na saoránaigh agus do na Ballstáit agus nósanna imeachta a ullmhú chun iad a athghníomhachtú go tapa i gcás éigeandálaí amach anseo (Spriocdháta cur chun feidhme: Meán Fómhair 2023)

Glacann an Coimisiún le moladh 3(a), ach tugann sé dá aire go mbeidh an anailís sin ag brath ar an uirlis agus ar an ngéarchéim lena mbaineann.

Sa Teachtaireacht uaidh maidir le plean teagmhais don iompar[23], thug an Coimisiún dá aire, má tharlaíonn géarchéim cosúil le COVID-19, gur cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit cur leis an taithí a fuarthas maidir le teimpléad coiteann a fhorbairt i ndáil le foirmeacha digiteacha aimsithe paisinéirí an Aontais agus ardán chun sonraí paisinéirí a chomhroinnt le haghaidh rianú teagmhálaithe trasteorann. Ba cheart na huirlisí a forbraíodh ar leibhéal an Aontais chun na críche sin a athghníomhachtú go tapa agus go héasca más gá.

[23] COM(2022) 211 final.

Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún, an 19 Meán Fómhair 2022, togra maidir le Rialachán lena mbunófaí Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair[24]. Is é is aidhm don ionstraim seo sásra solúbtha agus trédhearcach a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt go tapa ar éigeandálaí agus ar ghéarchéimeanna a chuireann feidhmiú an mhargaidh aonair i mbaol. Is é an cuspóir atá ann comhordú, dlúthpháirtíocht agus comhleanúnachas fhreagairt an Aontais ar ghéarchéimeanna a áirithiú agus feidhmiú an mhargaidh aonair a chosaint, lena n-áirítear, go háirithe, saorghluaiseacht leanúnach daoine, earraí agus seirbhísí. Leis an Rialachán, bheadh an Coimisiún agus na Ballstáit i dteideal uirlisí digiteacha idir-inoibritheacha nó bonneagair TF a bhunú chun tacú leis na cuspóirí sin.

Ag an tráth céanna, tá sé tábhachtach a chur i dtábhacht go láidir gur ceapadh cuid de na huirlisí de chuid an Aontais a ndearnadh anailís orthu, go háirithe Deimhniú Digiteach COVID an Aontais, go sonrach mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19.
Rinne na comhreachtóirí iad a theorannú go páirteach agus go sainráite do thréimhse mheasta na paindéime mar bhealach chun saorghluaiseacht shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh a éascú le linn na tréimhse urghnáiche sin. Is gá go mbeidh tionchar aige sin ar cibé acu is iomchuí nó nach iomchuí nósanna imeachta a ullmhú lena bhféadfar iad a athghníomhachtú.

b) Trí shineirgí nó simplithe, na huirlisí de chuid an Aontais a úsáidtear chun rianú teagmhálaithe trasteorann a éascú le linn géarchéimeanna a dhéanamh níos éasca do shaoránaigh an Aontais rochtain a fháil orthu (Spriocdháta cur chun feidhme: Meán Fómhair 2024)

Glacann an Coimisiún le moladh 3(b). An obair a dhéanfar tar éis an chomhairliúcháin dá dtagraítear faoi Mholadh 1, éileofar bunús dlí iomchuí a bheith ann di agus braithfidh sí ar an staid eipidéimeolaíoch.

c) I gcomhar leis na Ballstáit, anailís a dhéanamh ar an ngá le haon uirlis bhreise chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo (spriocdháta cur chun feidhme: Meán Fómhair 2023)

Glacann an Coimisiún le moladh 3(c). Sa chomhthéacs sin, tá an togra maidir le Rialachán lena mbunófaí Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair ábhartha freisin.

[24] COM(2022) 459 final.